Northern Ireland
Statistics and Research Agency

Central Survey Unit
Colby House
Stranmillis Court
Belfast BT9 5RR

Tel: 02890 255118

A Fhir Uasail/A Bhean Uasail,

Roghnaíodh do sheoladh le páirt a ghlacadh i **Suirbhé Taistil Thuaisceart Éireann**. Tá an suirbhé á dhéanamh ar son na Roinne Forbartha Réigiúnaí agus úsáidtear é le léargas a thabhairt ar iompar taistil an daonra.

Cé atá ag déanamh an staidéir?
Tá an Láraonad Suirbhéanna (LAS) ag déanamh an taighde. Is é LAS an príomheagras taighde ar shuirbhéanna sóisialta i dTuaisceart Éireann é agus tá an LAS ar cheann de phríomhréimsí gnó Ghníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann (GSTTÉ).

Cén fáth a bhfuil do thuairimí tábhachtach?
D'fhéadfadh daoine smaoineamh nach mbeadh siad ina gcuidiú leis an suirbhé, mar sílfeadh siad nach mbeadh siad tipiciúil go leor nó go mbeadh siad ró-éagsúil le bheith ina gcuidiú leis an suirbhé: ní hamhlaidh atá. Tá a lán sórt daoine sa ghnáthphobal agus caithfidh muid iad uilig a léiriú inár suirbhé. Tabharfaidh na torthaí léargas níos cruinne má ghlacfaidh gach duine a ndéanfaidh muid teagmháil leo páirt ann, agus tá súil againn go nglacfaidh tú páirt ann.

Cad í an chéad chéim eile?
Tabharfaidh duine dár n-agallóirí cuairt ar do theach i gceann cúpla seachtain le míniú níos mine a thabhairt faoin staidéar. Taispeánfaidh an t-agallóir cárta aitheantais oifigiúil lena (h)ainm, lena g(h)rianghraf agus le lógó GSTTÉ air duit. Má bhíonn tú gnóthach nuair a thabharfaidh an t-agallóir an chéad chuairt ort, beidh sé/sí sásta am níos fóirsteanaí a shocrú leat leis an agallamh a dhéanamh.

Go raibh maith agat!
Go raibh maith agat roimh ré as do chomhoibriú. Tá muid buíoch as do chuidiú sa staidéar tábhachtach seo agus tá súil againn gur shíl tú go raibh an suirbhé suimiúil go leor le páirt a ghlacadh ann.

Má bhíonn ceist ar bith agat, is féidir leat ceist a chur ar ár n-agallóir go pearsanta, nó scairt ghutháin a chur ar an Láraonad Suirbhéanna ar 028 90255118 nó cuairt a thabhairt ar www.csu.nisra.gov.uk.

Is mise le meas,

K F Sweeney (Dr)
Ceannasaí an Láraonad Suirbhéanna

Na ceisteanna curtha go minic

Cad é mar a roghnaigh tú mo sheoladh?

Roghnaigh muid seoltaí go randamach ar fud fad Thuaisceart Éireann ó chomhad seoltaí POINTER arb é an bunachar sonraí seoltaí is fearr leis an Rialtas é. Ní féidir linn seoladh eile a chur in áit do sheolta, mar sin de, tá tú an-tábhachtach dúinn.

Cé atá ag déanamh an staidéir?

Tá an taighde á dhéanamh ag an Láraonad Suirbhéanna (LAS). Is é LAS an príomheagras taighde ar shuirbhéanna sóisialta i dTuaisceart Éireann é agus tá an LAS ar cheann de phríomhréimsí gnó Ghníomhaireacht Staidrimh agus Taighde Thuaisceart Éireann (GSTTÉ). Tá Roinn Forbartha Réigiúnaí Thuaisceart Éireann (RFRTÉ) ag maoiniú an staidéir seo.

Cad é a tharlóidh don eolas a thabharfaidh mé?

Glacfaidh muid le heolas ar bith a thabharfaidh tú dúinn faoi chuing rúin de réir Achta um Chosaint Sonraí 1998. Úsáidtear an t-eolas a bhailítear do chuspóirí staitisticiúla agus taighde amháin agus ní bheidh ainm nó seoladh ar bith luaite i dtuarascáil fhoilsithe ar bith.

Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

Má bhíonn ceist ar bith agat, nó dá mba mhaith leat tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar www.csu.nisra.gov.uk le do thoil nó cuir scairt ghutháin ar an LAS ar 028 90255118.

Northern Ireland Statistics and Research Agency

Central Survey Unit
Colby House
Stranmillis Court
Belfast BT9 5RR

Tel: 02890 255118